museum
National Museum of Ireland
*Ard-Mhúsaem na hÉireann*

# Caomhnóir Seandálaíochta
# Coimeádaí Cúnta Grád II

Tá iarratais á lorg ag **Ard-Mhúsaem na hÉireann (AMÉ)** ó iarrthóirí oiriúnacha chun poist mar **Chaomhnóir Seandálaíochta** (**Coimeádaí Cúnta Grád II)** a líonadh. Bheadh an duine seo lonnaithe sa Rannóg Caomhantais, Ard-Mhúsaem na hÉireann – Na hEalaíona Maisiúla & Stair, Dún Uí Choileáin, Sráid na Binne Boirbe, Baile Átha Cliath 7. Is conradh buan lánaimseartha é seo agus líonfar an post trí agallamh oscailte iomaíoch a dhéanamh.

**Cuspóir an Phoist**

Beidh príomhfhócas an tsealbhóra poist ar bhailiúcháin seandálaíochta na hÉireann a chaomhnú agus déileálfaidh sé nó sí le hábhar úrthochailte chomh maith le riachtanais chaomhnaithe agus cúraim bailiúcháin réad ó go leor tochailtí stairiúla. Chomh maith leis sin, beidh ról lárnach ag an sealbhóir poist i gcaomhnú coisctheach le haghaidh bhailiúcháin seandálaíochta Ard-Mhúsaem na hÉireann. Beidh an sealbhóir poist lonnaithe den chuid is mó sa Rannóg Caomhantais, Dún Uí Choileáin ach oibreoidh sé nó sí i láithreáin uile Ard-Mhúsaem na hÉireann ina bhfuil bailiúcháin seandálaíochta. Déanfaidh an sealbhóir poist obair na mball foirne eile, na n-oibrithe deonacha, na gconraitheoirí agus na n-intéirneach maidir le cúrsaí cúraim bailiúchán a bhainistiú agus a mhaoirsiú agus beidh tionchar aige nó aici ar an obair sin.

Is Rannóg ghnóthach í an Rannóg Caomhantais a ghabhann do chaomhnú na mbailiúchán trí bhearta caomhnaithe imscrúdaitheacha, leasúcháin agus coisctheacha. Tá sé lonnaithe go príomha i nDún Uí Choileáin, Baile Átha Cliath agus tá saoráidí eile ag roinnt dár láithreáin eile i mBaile Átha Cliath agus i Músaem Shaol na Tuaithe, Maigh Eo. Tugann an lucht Caomhnaithe aire do bhreis agus 6,000,000 réad i mbailiúcháin an Mhúsaeim i gceithre Rannóg coimeádaíochta (Seaniarsmaí na hÉireann, Stair an Dúlra, Béaloideas na hÉireann agus Ealaín agus Tionscal) agus ina saoráidí stórála. Ina theannta sin, cuireann foireann na Rannóige Caomhantais le hOideachas um Chaomhnú trí mhodúil chúrsa a chur ar fáil d’fhochéimeanna agus d’iarchéimeanna ollscoile, trí chláir phoiblí agus ar bhealaí eile.

**TREORACHA AN IARRATAIS**

Cuirtear iarratais isteach sa chuid folúntais ar **shuíomh Gréasáin Ard-Mhúsaem na hÉireann:** https://www.museum.ie/en-IE/About/Careers/Vacancies

Is gá d'iarratasóirí an fhoirm iarratais chomhlánaithe, CV cothrom le dáta, agus litir chlúdaigh a chur isteach. **Iarraimid ar iarrthóirí go gcuirtear na trí cháipéis ar fad le chéile agus iad a chur isteach ar PDF aonair amháin.**

Ní mór don fhoirm iarratais a líonadh isteach go hiomlán agus í a chur isteach i gclóscríbhinn. Ní ghlacfar le hiarratais lámhscríofa agus iarratais atá san fhormáid mhícheart. Mura ndéanann tú amhlaidh, beidh an t-iarratas neamhiomlán, agus ní bhreithneofar é.

Chun tús a chur leis an bpróiseas iarratais, tabhair cuairt ar ár leathanach Folúntais.

Céimeanna le clárú:

- Téigh go dtí an leathanach Folúntais agus roghnaigh an post atá tú ag iarraidh cur isteach air.
- Léigh an Leabhrán Eolais le haghaidh sonraí iomlána maidir leis an bpost.
- Tá na cáipéisí atá ag teastáil le feiceáil ar an leathanach seo mar naisc.
- Cliceáil gach cáipéis, agus osclóidh sé i bhfuinneog nua. Déan gach cáipéis a íoslódáil/shábháil ar do ríomhaire/ghléas.
- Líon amach na cáipéisí atá ag teastáil agus cuir le chéile iad i **PDF aonair amháin** le do CV agus litir chumhdaigh.
- Nuair atá sé sin críochnaithe, téigh ar ais go dtí suíomh gréasáin AMÉ chun an próiseas iarratais a chur i gcrích.
- Arís, ón leathanach Folúntais, faigh an post ar mhian leat cur isteach air.
- Cliceáil an cnaipe **Cuir Isteach Air Anois**.
- Cuir an fhoirm i gcrích.
- Déan do PDF comhcheangailte aonair a uaslódáil.
- Déan an seiceáil Captcha agus cliceáil **Cuir Isteach d'Iarratas**.

Cuir **ríomhphost bailí a dhéantar monatóireacht air** ar fáil. Úsáidfear an ríomhphost mar admháil ar d'iarratas agus mar phríomhbhealach teagmhála chun teagmháil a dhéanamh le hiarrthóirí.

## Spriocdháta le haghaidh Iarratais

## Ní mór iarratais a fháil tráth nach déanaí ná 17:00 Dé hAoine an 08 Samhain 2024

**Ní ghlacfar le foirmeacha iarratais déanacha.** Cloífear leis an dáta agus an t-am go dian, agus dá bhrí sin, tá an fhreagracht ar an iarrthóir a chinntiú go bhfaightear an t-iarratas roimh an spriocdháta. **Beidh dícháiliú ina thoradh ar chanbhasáil.**